

# GREEN-SCHOOLS
## STAY HOME



# Ealaíona agus Ceardaíocht Mhuirí

**Aoisghrúpa: Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha – le déanamh faoi mhaoirseacht duine fásta freagrach**

Bealach iontach le ham a chaitheamh is ea ábhair athchúrsáilte a úsáid le roinnt ealaíon agus ceardaíochta a dhéanamh.

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas dírithe den chuid is mó ar naíonáin shóisearacha agus shinsearacha atá faoi mhaoirseacht duine fásta, ach d'fhéadfadh páistí ní ba shine taitneamh a bhaint astu freisin.

Ní chreidfeá na rudaí is féidir leat a dhéanamh le rud éigin chomh simplí le rolla leithris agus roinnt péinte; lig scód le do shamhlaíocht!


Le cloí leis an téama muirí, céard faoi iarracht a dhéanamh roinnt créatúir ildaite farraige a dhéanamh? Is féidir linn tosú le roinnt iasc!

# Na hábhair a bheidh ag teastáil uait:


- Rollaí páipéir (taobh istigh de pháipéar leithris nó tuáille cistine)
- Siosúr – chun na rollaí leithris a ghearradh ina dhá leath (le húsáid faoi mhaoirseacht duine fásta)
- Babhla beag le haghaidh péinte
- Péint
- Scuaba péinteála
- Clúdach plaisteach nó rud éigin le húsáid mar phláta i gcomhair péinteála agus triomú
- Gliú
- Súile plaisteacha (roghnach)
- Marcóir dubh

# Céard atá le déanamh ansin?

1- Cuir an phéint i gcoimeádáin ar dtús
2- Más mian leat, measc an phéint is mian leat a úsáid
3- Gearr an rolla leithris ina dhá leath.
4- Tosaigh ag péinteáil na rollaí – is féidir leat clúdach plaisteach a úsáid mar phláta i gcomhair péinteála agus triomú.
5- Nuair a bheidh tú críochnaithe, lig dó triomú go ceann thart ar 20 nóiméad.
6- Agus é tirim, brúigh taobh de cheann amháin den fheadán le pointe a dhéanamh.
7- Brúigh an feadán ar fad síos.




8- Déan dhá ghearradh thrasnánacha ag deireadh an fheadáin agus ansin ina lár.





9- Má tá na súile plaisteacha agat, cuir roinnt gliú san áit ar mian leat an tsúil a chur, ansin greamaigh an tsúil den fheadán agus lig don ghliú triomú. De rogha air sin, úsáid an marcóir dubh le súil an éisc a tharraingt ar an bhfeadán.

10- Sin agat é!







Más mian leat triail a bhaint as rud éigin eile, d'fhéadfá iarracht a dhéanamh **siorc liath** a chruthú.

Beidh na hábhair chéanna ag teastáil uait, chomh maith le píosa páipéar bán le haghaidh na bhfiacla. Seo a leanas na céimeanna:


1- Ar dtús, déan an béal trí thriantán a ghearradh amach as ceann amháin den rolla leithris. Cuir na triantáin ar leataobh le go mbeidh tú in ann iad a úsáid ar ball le haghaidh na heite agus an eireabaill.



2- Cuir péint liath ar an bhfeadán, chomh maith leis na píosaí breise le haghaidh na heite agus an eireabaill.
3- Lig do gach rud triomú.
4- Úsáid an marcóir dubh le súile agus geolbhaigh an tsiorca a tharraingt.
5- Gearr roinnt "fiacla" amach as píosa páipéar bán agus faigh roinnt súile plaisteacha do do shiorc.



6- Greamaigh gach rud dá chéile le gliú (fiacla, súile, eite agus eireaball).
7- Sin agat é!



Má theastaíonn treoracha breise uait, seo roinnt nasc chuig físeáin ar YouTube a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh agat:

- Éisc: https://www.youtube.com/watch?v=c-QYlYqqIrI ;
  https://www.youtube.com/watch?v=jZUV61YxxME
- Siorc: https://www.youtube.com/watch?v=LgfqsT-Itgo